Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2023
(OR. en)

16078/23

CDR 196

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir dar dáta an 18 Iúil 2023[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Antonio VICENS VICENS, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, a cheapadh.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 12171/23.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Antonio VICENS VICENS, mhol Rialtas na Spáinne[2] Francisca RAMIS PONS, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Directora General de Relaciones Institucionales y de Relaciones con el Parlamento* (Ard-Stiúrthóir um an gCaidreamh Institiúideach agus um an gCaidreamh leis an bParlaimint), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, a leagtar amach in 16077/23, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[2] 15810/23.